FORÓGRA

IARRANN DLÍODÓIRÍ SAOTHAIR & SÓISIALTA ÓN EORAIP AR FAD

AR AN AONTAS EORPACH

MEAS A LÉIRIÚ DO BHUNCHEARTA SÓISIALTA AGUS IAD A CHOTHÚ

GO hÁIRITHE I DTACA LE GACH BEART A BHAINEANN LEIS AN nGÉARCHÉIM

1) Ní mór breathnú ar an ngéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais agus a cuid iarmhairtí frithshóisialta i gcomhthéacs níos leithne. Go stairiúil agus go huilíoch, spreag na ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí dhá chogadh dhomhanda an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair le glacadh le Fógra Philadelphia, i 1944, fógra a dhearbhaigh go sonrach:
   - nach tráchtearra é an saothar;
   - go bhfuil saoirse tuairimíochta agus comhlachais bunriachtanach don dul chun cinn marthanach;
   - go bhfuil an bochtanas atá le fáil aon áit ina fhoinse dainséir don rachmas gach uile áit.

2) Ag leibhéal na hEorpa, ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann, tá téarmaí an fhógra seo ina mbunsraith bhunriachtanach de dhlí saothair agus sóisialta na hEorpa agus ag an am céanna is iad an pointe tosaigh intuigthe – agus, go minic, follasach – do thógáil Múnla Sóisialta Eorpach leochaileach an AE.

3) Ina aitheasc do Pharlaimint na hEorpa ar 14 Meán Fómhair 2011, dhearbhaigh Ard-Stiúrthóir EIS Juan Somavia: '*Tá an meas ar na bunphriobail agus ar na cearta ag an obair doshannta: in uair na géarchéime féin, nuair is minic a bhíonn amhras ann maidir le cothrom na féinne. Tá sin tábhachtach go háirithe sna tíortha sin a bhfuil orthu bearta déine a chur i bhfeidhm. Ní féidir linn an ghéarchéim a úsáid mar leithscéal le go dtabharfaimis beag beann ar chaighdeáin saothair a nglactar leo go hidirnáisiúnta*.'

4) Ag cruinniú G20 de na hAirí Saothair agus Fostaíochta ar 26-27 Meán Fómhair 2011 i bPáras, bhí 'cothú cur i bhfeidhm éifeachtach na gceart sóisialta agus saothair agus ag cinntiú measa do bhunphrionsabail agus do bhunchearta ag an obair' ar cheann de na príomh-mholtaí[1] agus tacaíodh leis i bhForógra Chinn Stáit G20 ar glacadh leis ag an gCruinniú Mullaigh in Cannes ar 3–4 Samhain 2011[2] (G20 2011b).

---

[1] http://www.ilo.org/global/about-the-ilo/how-the-ilo-works/multilateral-system/g20/WCMS_164260/lang--fr/index.htm

[2] http://www.g20-g8.com/g8-g20/g20/english/for-the-press/news-releases/cannes-summit-final-declaration.1557.html

5) Ag an gcruinniú G20 a tionóladh i Guadalajara Mheicsiceo, ar 17-18 Bealtaine 2012, dhearbhaigh na hAirí Saothair agus Fostaíochta ina gcuid conclúidí an méid seo: '*creidimid gur chóir an fás eacnamaíoch a bheith bunaithe ar an bhfostaíocht d'ardchaighdeán, is é sin le rá, poist san earnáil fhoirmiúil, le slándáil shóisialach, ioncam réasúnta agus lánchosaint na gceart saothair*'. Dheimhnigh na hAirí '*tábhacht an chomhleanúnachais bheartais idir an fás agus an fhostaíocht, agus idir beartais mhaicreacnamaíocha agus fostaíochta ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta*.'[3]

6) Léiríonn an fhianaise, áfach, ó dheireadh 2008, tús na géarchéime geilleagair,

- go bhfuil raon beart curtha i gcrích ag údaráis phoiblí Eorpacha agus náisiúnta agus ag reachtóirí náisiúnta le solúbthacht na ngnólachtaí a spreagadh, leasuithe don dlí saothair san áireamh,
- i gcásanna áirithe, tionscnaíodh athchóirithe ginearálta dlí an tsaothair, roimh an ngéarchéim eacnamaíoch, agus é mar aidhm fhógartha acu dlí an tsaothair a 'nua-aoisiú',
- i dtíortha áirithe, de dheasca athrú rialtais a cuireadh dlús le hathruithe ollmhóra sa dlí saothair, agus iad fiú ag seachaint comhairliúchán rannpháirtíochta, i measc daoine eile, leis na comhpháirtithe sóisialta, go háirithe na ceardchumainn,
- i gcásanna eile, is é an 'troika' a bhfuil i gceist leis an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus an dá institiúid AE, .i. an Coimisiún Eorpach agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE) a d'éiligh na hathchóirithe struchtúrtha ar na ballstáit nó fiú a bhrúigh orthu iad.

In áit an ghéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais a réiteach, tá an ghéarchéim chéanna níos measa dá mbarr, agus tá siad ag bagairt inmharthanacht ní hamháin na hEorpa sóisialta ach freisin thionscadal níos leithne chomhtháthú eacnamaíoch agus polaitiúil na hEorpa.

7) Tá an-imní ar na dlíodóirí saothair agus sóisialta sin ó ar fud na hEorpa ar sínitheoirí an ráitis seo iad faoi na bearta a cuireadh i gcrích agus a gcuid iarmhairtí i dtaca le forbairtí idirghaolmhara a tharla le déanaí – idir dhlíthiúla, eacnamaíocha agus pholaitiúla san AE:

- Tá an ghéarchéim reatha airgeadais agus eacnamaíoch ag cur an-bhrú go deo ar oibrithe agus ar chearta na n-oibrithe ina lán tíortha;
- Ní hamháin go bhfuil an bonn á bhaint de chleachtais chómhargála; táthar tar éis ionsaí córasach a sheoladh ar an gcómhargáil, ionsaí a bhfuil mar chuid de scrios institiúidí, meicníochtaí agus bunphrionsabal cómhargála (mar shampla, trí thabhairt isteach chosc ar mhargáil earnála, féidearthachtaí do dhiallais anuas ó íoschaighdeáin a comhaontaíodh go comhchoiteann i gconarthaí fostaíochta aonair, srl);
- Forchuireann an troika dírialáil atá suntasach agus uaireanta an-dian go deo ar bhallstáit áirithe i dtaca lena margaí saothair agus a gcórais coimirce sóisialta, as a n-eascraíonn ceardchumainn lagaithe, caidrimh fhostaíochta

[3] http://www.consilium.europa.eu/uedocs/cms_data/docs/pressdata/en/ec/131076.pdf

níos neamhbhuaine ná riamh, neamhshláine agus fostaíocht ard, bochtanas agus corraíl shibhialta mhéadaithe;
- Mar gheall ar a leithéid de dhianbhearta déine i réimse an tsaothair bíonn daoine ag tabhairt droim láimhe leis an Eoraip agus le luachanna na hEorpa, agus tagann seineafóibe chun cinn freisin, go háirithe in éadan na mionlach, agus cuirtear an tsíocháin san Eoraip i mbaol.

8) Áitíonn, mar sin de, na dlíodóirí saothair agus sóisialta sin ar sínitheoirí an ráitis iad, áitíonn siad ar an Aontas Eorpach agus ar a chuid institiúidí na rudaí seo a leanas a chothú agus meas a léiriú dóibh:

- na luachanna sin a chumhdaíonn Conradh Liospóin 'meas ar dhínit an duine, saoirse, daonlathas, comhionannas, smacht reachta, agus meas ar chearta an duine' (Alt 2, CAE),
- an dualgas atá air 'oibriú ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe na hEorpa arna fothú ar an bhfás eacnamaíoch cothromúil agus ar chobhsaíocht praghsanna, ar gheilleagar sóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar agus arb é is aidhm dó an lánfhostaíocht agus an dul chun cinn sóisialta, agus ar ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus ar ardleibhéal feabhsaithe ar a cháilíocht' (Alt 3 para. 3 CAE),
- na bunchearta sóisialta sin atá urraithe ag Cairt AE na mBuncheart atá ina ceangal de réir dlí (Alt 51 para. 1 CCBAE), go háirithe an ceart ar an gcómhargáil agus ar an ngníomhaíocht atá le tuiscint de réir na gCoinbhinsiún faoi seach EIS a daingníodh ag gach Ballstát AE (Alt 53 CCBAE), cosaint nuair a tharlaíonn dífhostú éagórach agus slándáil shóisialta agus cabhair shóisialta.

9) Áitíonn na sínitheoirí ar na cinn stáit agus rialtais, go háirithe ina gcáil mar bhaill d'institiúid AE, an 'Chomhairle Eorpach', an chreatlach atá ina ceangal de réir dlí a ráthú, ar shlí ghlan shoiléir agus, go háirithe, cothú bhunchearta sóisialta na n-oibrithe agus a gcuid ionadaithe.

10) Go háirithe, níor chóir bunchearta sóisialta na n-oibrithe agus a gcuid ionadaithe a fho-ordú cé acu do shaoirsí an mhargaidh inmheánaigh agus do dhlí na hiomaíochta ná do bhearta déine, bídís bunaithe ar an mbeartas fioscach nó ar an gcabhair airgeadais; ba chóir, os a choinne sin, lánaitheantas a bheith ag na bunchearta sóisialta seo mar réamhchoinníollacha riachtanacha d'fhorbairt agus do dhul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta an Aontais Eorpaigh agus a chuid Ballstát ar bhealach atá iontaofa agus inbhuanaithe. Tá ról ríthábhachtach le cur i gcrích ag ardchaighdeáin dlí saothair agus shóisialta i dtaca le geilleagair a athchothromú, tacú le hioncaim, agus le spreagadh infheistíochta in acmhainní.

11) Faoi láthair tá ag teip ar an gCoimisiún Eorpach, in éineacht leis an Troika, meas a léiriú do bhuneilimintí an Mhúnla Shóisialta Eorpaigh agus do spiorad fhorógra Philadelphia. Dá bharr sin, tá an múnla sóisialta – gan focal cáinte ó aon duine, nach mór – á dhíthógáil go hiomlán, agus is féidir go bhfuil sé á scrios sa deireadh thiar thall. Má theipeann ar an múnla sóisialta Eorpach, conas a éireoidh leis an tionscadal Eorpach san iomlán?

12) Tá sínitheoirí an ráitis seo in aghaidh an dearcaidh sin agus na bearta sin a d'eascair as. Áitímid ar an AE agus ar a chuid institiúidí a gcuid dualgas dlíthiúil agus cuspóirí polaitiúla a chomhlíonadh go hiomlán arís agus bheith freagrach as Eoraip Shóisialta inbhuanaithe.

Eanáir 2013